



5935/26

Comhaid Idirinstitiúideacha:
2025/0350(NLE)
2025/0351(NLE)

ESPACE 18
EEE 8
RECH 38
COMPET 138
IND 90
EU-GNSS 8
TRANS 43
AVIATION 14
MAR 13
TELECOM 44
MI 93
CSC 84
CSCGNSS 8
CSDP/PSDC 70
AELE 12

NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Ábhar:	<p>CINNEADH ón gCOMHAIRLE maidir le síniú an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus an Íoslainn lena leagtar síos na rialacha maidir le rannpháirtíocht na hÍoslainne i gcomhpháirt GOVSATCOM de Chlár Spáis an Aontais agus i gClár an Aontais um Nascacht Shlán, agus maidir le rochtain ar sheirbhísí GOVSATCOM agus ar sheirbhísí rialtais Chlár an Aontais um Nascacht Shlán</p> <p>– Glacadh</p> <p>CINNEADH ón gCOMHAIRLE maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus an Íoslainn lena leagtar síos na rialacha maidir le rannpháirtíocht na hÍoslainne i gcomhpháirt GOVSATCOM de Chlár Spáis an Aontais agus i gClár an Aontais um Nascacht Shlán, agus maidir le rochtain ar sheirbhísí GOVSATCOM agus ar sheirbhísí rialtais Chlár an Aontais um Nascacht Shlán</p> <p>– Comhaontú i bprionsabal</p> <p>– Iarraidh ar thoiliú Pharlaimint na hEorpa</p>

1. Ag an gCruinniú a bhí aici an 5 Márta 2025, ghlac an Chomhairle an Cinneadh lena n-údaraithe an chaibidlíocht a thosú thar ceann an Aontais Eorpaigh le haghaidh comhaontú leis an Íoslainn lena leagtar síos na rialacha maidir le rannpháirtíocht na hÍoslainne i gcomhpháirt GOVSATCOM de Chlár Spáis an Aontais agus i gClár an Aontais um Nascacht Shlán, agus maidir le rochtain ar sheirbhísí rialtais.¹
2. Ag eascairt as conclúidí na caibidlíochta leis an Íoslainn, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle an 17 Samhain 2025 togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le síniú, thar ceann an Aontais, Comhaontaithe idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus an Íoslainn, den pháirt eile, lena leagtar síos na rialacha maidir le rannpháirtíocht na hÍoslainne i gcomhpháirt GOVSATCOM de Chlár Spáis an Aontais i gClár an Aontais um Nascacht Shlán², mar aon le téacs an Chomhaontaithe mar aguisín a ghabhann leis an togra, mar aon le togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe sin³.
3. Ag an gCruinniú a bhí ag an Meitheal um an Spás an 16 Nollaig 2025, thíolaic an Coimisiún a thograí, agus scrúdaigh an Mheitheal um an Spás iad. Cuireadh an Mheitheal um an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ar an eolas. Tháinig toscaireachtaí na Meithle um an Spás ar chomhaontú maidir le téacs an dréachtchinnidh ón gComhairle a bhaineann le síniú agus téacs an dréachtchinnidh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, chomh maith le téacs an chomhaontaithe, tar éis comhairliúcháin i scríbhinn a tugadh i gcrích an 22 Nollaig 2025.
4. Rinne na saineolaithe dlí agus teanga an dréachtchinneadh ón gComhairle maidir le síniú an Chomhaontaithe, an dréachtchinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe agus an Chomhaontaithe féin a fhíorú agus a thabhairt chun críche i ndoiciméid 5274/26, 5271/26 agus 5275/26 faoi seach.

¹ IO L, 2025/538, 24.3.2025, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dec/2025/538/oj>

² 15540/25 + ADD1.

³ 15538/25 + ADD1.

5. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a mholadh go ndéanfadh an Chomhairle, le linn chuid ‘A’ de chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo, an méid seo a leanas:

- an Cinneadh ón gComhairle maidir leis an síniú, mar a leagtar amach in 5274/26 é, a ghlacadh agus a chinneadh Parlaimint na hEorpa a chur ar an eolas i gcomhréir le hAirteagal 218(10) CFAE;
- comhaontú i bprionsabal a sholáthar maidir leis an dréachtchinneadh maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe mar a leagtar amach in 5271/26 é agus a chinneadh é a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa lena thoiliú, mar aon le téacs an Chomhaontaithe mar a leagtar amach in 5275/26 é, tar éis shíniú an Chomhaontaithe.
